



Preasráiteas

Lucsamburg, an 27 Márta 2023

Iompar lastais san Aontas Eorpach: tá an lámh in uachtar ag na trucailí go fóill

- *Tá méadú ag teacht i gcónaí ar an sciar den lastas san Aontas atá á iompar de bhóthar (thart ar 77 %)*
- *Tá roinnt rialacha AE chun modhanna iompair eile a chur chun cinn as dáta agus fritorthúil*
- *Níl gréasán bonneagair an Aontais oiriúnach go fóill d'iompar idirmhódúil*

Tá bealach fada roimh iompar lastais idirmhódúil an Aontais Eorpaigh: ní féidir le traenacha agus báirsí dul san iomaíocht ar bhonn cothrom le trucailí agus leoraithe, de réir tuarascála a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa inniu. Ní raibh iarrachtaí chun lastas a bhaint ó na bóithre éifeachtach maidir le bacainní rialtacha agus bonneagair lena ngearrtar pionós ar mhodhanna iompair eile a bhaint. Ní mór aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin má theastaíonn ón Aontas a uailmhianta glasa a bhaint amach.

Is é iompar de bhóthar an bealach is solúbtha chun earraí a sheachadadh agus is minic gurb é an bealach is tapa agus is saoire freisin. Míníonn sé sin cén fáth a bhfuil trí cheathrúna den lastas a iompraítear san Aontas fós á iompar de bhóthar. Déanann trucailí truailliú mór, áfach.

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag aistriú ó bhóithre agus méadú ar úsáid mhodhanna iompair eile, amhail iarnróid agus uiscebhealaí intíre, maidir le hiompar lastais a ghlású. Chun an t-athrú sin a bhaint amach, chuir an tAontas níos mó ná €1.1 billiún ar fail chun tacú le tionscadail idirmhódúlachta idir 2014 agus 2020.

“Tá dícharbónú iompair i gcoillár sprioc an Aontais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, de réir mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip,” a dúirt Annemarie Turtelboom, an Comhalta den Chúirt a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Cé gur príomhuirlis í an idirmhódúlacht san iarracht sin, níl an t-iompar lastais san Aontas ar an mbóthar ceart.”

Fuair na hiniúchóirí amach nach bhfuil straitéis Eorpach ar leith ann maidir le hiompar lastais idirmhódúil. Is cuid de straitéis níos leithne í an idirmhódúlacht chun iompar lastais a ghlású, inar socraíodh spriocanna cainníochtúla sonracha maidir le úsáid iarnróid agus uiscebhealaí intíre a mhéadú. Ach ós rud é nach bhfuil na spriocanna sin ceangailteach, shocraigh tíortha éagsúla an Aontais a spriocanna féin. Ní gá go mbeadh na spriocanna sin inchomparáide agus ailínithe le spriocanna an Aontais. Dá bhrí sin, ní féidir measúnú a dhéanamh féachaint an leor na comhiarrachtaí náisiúnta chun cuspóirí foriomlána an Aontais maidir le haistriú módúil a bhaint amach. Ar aon chuma, níl na spriocanna atá leagtha socraigh ag an Aontas do 2030 agus 2050 (trácht iarnróid a dhúbailt agus úsáid uiscebhealaí a mhéadú faoi 50 % ar deireadh) réalaíoch, dar leis na hiniúchóirí.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Éilíonn na hiniúcháirí freisin go gcuireann roinnt rialacha AE bac ar tharraingteacht an iompair idirmhódúil. Tá an leagan reatha den Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte as dáta (téann sé siar go 1992) agus neamhéifeachtach. Mar shampla, tá ceanglas ann go mbeadh doiciméad páipéir stampáilte ag na húdaráis iarnróid nó calafoirt i gcaitheamh an aistir, seachas sreabh oibre digitithe a bheith ann. In ainneoin roinnt iarrachtaí ón gCoimisiún Eorpach chun an Treoir a athbhreithniú, níor éirigh leis teacht ar chomhaontú ó na Ballstáit. Idir an dá linn, téann forálacha rialtacha eile de chuid an Aontais, agus go háirithe iad sin lena rialaítear iompar de bhóthar, in aghaidh na haidhme chun an idirmhódúlacht a dhreasú uaireanta. Is dócha go leanfaidh bainistíocht acmhainneachta agus idir-inoibritheacht d'fhadhbanna a chruthú in éagmais gníomhaíochta reachtaí nua (e.g. maidir le sliotáin a phleanáil do lastas iarnróid, rialacha tosaíochta do phaisinéirí i gcomparáid le traenacha lastais nó riachtanais teanga do thiománaithe traenach).

Díríonn na hiniúcháirí aird freisin ar mhóilleana a thabhaíonn tíortha AE maidir le comhlíonadh riachtanais bonneagair agus teicniúla atá leagtha síos le dlíthe AE a áirithiú. Mar shampla, bheadh úsáid traenacha níos faide den fhad chaighdeánach Eorpach 740 méadar ar cheann de na feabhais is costéifeachtaí mar chuid d'iarracht chun dul in iomaíocht leis an iompar de bhóthar. Faoi láthair, áfach, ní féidir traenacha den chineál sin a oibriú ach ar leath de chonairí an Ghréasáin Tras-Eorpach Iompair (TEN-T). Cuireann an easpa faisnéise maidir le hacmhainneachtaí críochfoirt idirmhódúil agus gréasáin bac freisin ar sheoltóirí agus oibreoirí lóistíochta maidir le réitigh maithe iompair idirmhódúil a chur ar fáil dá gcliaint. D'fhéadfadh an t-athbhreithniú atá beartaithe ar rialachán TEN-T feabhas a chur ar an gcás. Mar atá faoi láthair, áfach, níl gréasán iompar lastais an Aontais in oiriúint don idirmhódúlacht go fóill, de réir conclúid na n-iniúcháirí.

Faisnéis chúlra

Is éard atá i gceist le hiompar lastais idirmhódúil ná earraí a iompar in aon aonad lódála amháin (amhail coimeádán nó leath-leantóir), gan láimhseáil ar leithligh, trí úsáid a bhaint as meascán de mhodhanna iompair: bóthar, iarnród, uiscebhealaí nó aer. Mar sin, is éard atá i gceist le hidirmhódúlacht ná buntáiste a bhaint as na láidreachtaí coibhneasta atá ag modhanna iompair éagsúla.

Is é an Rialachán maidir leis an nGréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) an príomhphíosa reachtaíochta lena rialaítear an gréasán uile-Eorpach um iompar paisinéirí agus earraí de bhóthar, d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre, de mhuir agus san aer, ar glacadh an leagan reatha de in 2013. Tá píosaí reachtaíochta ábhartha eile ann, amhail an Treoir maidir le hIompar Comhcheangailte ó 1992, arb é an t-aon phíosa reachtaíochta AE a bhaineann go sonrach le hiompar lastais idirmhódúil.

Leis na tíortha roghnaithe don iniúchadh seo, clúdaímid trí cinn de phríomhshreabha trádála, a bhfuil forluí eatarthu le stráic de chonairí TEN-T: conair na Réine-na nAlp (ag síneadh ón mBeilg agus ón Ísiltír go dtí an Iodáil), conair na Mara Thuaidh-Mhuir Bhailt (idir an Pholainn agus an Ghearmáin), agus conairí an Atlantaigh agus na Meánmhara (a nascann an Ghearmáin leis an Spáinn tríd an bhFrainc).

Tá Tuarascáil speisialta 08/2023, 'Iompar lastais idirmhódúil – Tá an tAontas fós i bhfad ó lastas a bhaint den bhóthar', ar fáil ar shuíomh [gréasáin CIE](#).

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547